# Deontais Chaipitil Tógála faoi chomhair Tionscadail Tógála

(Nuashonraíodh an doiciméad dheireadh Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – "D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu."

Is féidir iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú caipitil faoi na catagóirí seo a leanas:

- Tionscadail Mhóra – tionscadail mhórscála atá á seachadadh faoin gclár tógála scoile
- Oibreacha Éigeandála – oibreacha práinneacha ar scoileanna a dteastaíonn acmhainní uathu mar thoradh ar chás éigeandála nó chun athruithe a dhéanamh chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chuimsiú
- Oibreacha Samhraidh – oibreacha tógála ar scála beag, feabhsúcháin ar fhoirgnimh scoile, is é sin fuinneoga a athsholáthar, deisiúcháin dín srl.
- Cláir Feabhsúcháin – clár feabhsúcháin aispeiste agus an clár feabhsúcháin bainistíochta múscain

***Tabhair do d'aire:*** *I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus ó d'iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.*

D'fhéadfadh sé go mbeadh tionscadail chaipitil ar siúl go ceann cúpla mí, mar shampla, oibreacha a dhéantar faoi scéim na n-oibreacha samhraidh, nó go ceann roinnt blianta, mar shampla, foirgneamh nua scoile.

## 2. Cóireálacha Cuntasaíochta

### 2.1 Nuair a fhaightear ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tógála Caipitil faighte ón RO | DR | 1800 | Cuntas Bainc Reatha<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2171 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 Nuair a úsáidtear Deontas chun Oibreacha Tógála Caipitil a dhéanamh

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Dheontas Caipitil Tógála RO a caitheadh | DR | 3940 | Costas Deontais Caipitil Tógála RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Bainc Reatha<br>Sócmhainn Reatha |
| **Gníomh** | **DR/CR** | **Cód Ainmniúil** | **Cur Síos** |
| Aistriú an t-ioncam deontais arna chaitheamh chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2171 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3900 | Ioncam Deontais Foirgníochta Caipitil RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.3 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Tógála

An bhliain tar éis don tionscadal tógála caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála | DR | 3900 | Ioncam Deontais Foirgníochta Caipitil RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3940 | Deontas Caipitil Tógála RO Costas Deontais<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**Ciste Foirgnimh Diúltach:** I gcás go bhfuil níos mó airgid caite ag scoil ar thalamh agus foirgnimh ná mar a fuarthas, beidh iarmhéid diúltach nó iarmhéid dochair ar an gciste foirgnimh. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige cuntasaíochta atá molta ag FSSU.

### 2.4 Cuntas ar iarmhéid an deontais caipitil tógála gan chaitheamh

Is deontais imfhálaithe iad na deontais chaipitil tógála agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2171 'Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile nár Caitheadh'.